Ceathrar do bhí ar uaigh an fhir

[Thomas F. O’Rahilly: *Measgra Dánta* II, poem 79; compare *Fill th’aghaidh uainn a Éire*]

1 Ceathrar do bhí ar uaigh an fhir,
feart Alexandair uaibhrigh;
ro chansad briathra gan bhréig
ós cionn na flatha a finnGhréig.

2 Adubhairt an céidfhear díbh:
“Do bhádar iné ’man rígh
fir an talmhan, truagh an dál!
gé tá iniu ’na aonarán.”

3 “Do bhí iné rí an domhain duinn
’na mharcach ar talmhain truim,
ciodh é an talamh a-tá i-niugh
’na mharcach ar a mhuin-siumh.”

4 “Do bhí,” arsan treas ughdar glic,
“an bith iné ag mac Philip:
iniugh aige nochan fhuil
acht seacht dtroighthe do thalmhain.”

5 “Alaxandar muirneach mór
do bhronnadh airgead is ór,
iniu,” arsasn ceathramhadh fear,
“ag so an t-ór, is ní fhuil-sean.”

6 Comhrádh na n-ughdar do b’fhíor
i dtimcheall uaighe an airdríogh;
níor bh’ionann is baothghlór ban
ar chansadar an ceathrar.